


## Cabhraigh le do pháiste uimhreacha a roinnt


Nuair a bhíonn do pháiste i rang a ceathair, foghlaimíonn sé nó sí conas roinnt a dhéanamh mar dháileadh. Taispeánfar duit sa bhileog seo conas a d'fhéadfadh do pháiste an uimhir 257 a roinnt ar 3.

• Abraimís go dteastaíonn uainn 257 cinn de mhilseáin a roinnt go cothrom idir triúr páistí. Seans go scríobhfadh do pháiste é seo mar :  $3 \overline{)257}$

2 chéad



5 dheich




7 n-aonad




• Ar dtús, déanfaidh mé iarracht na **céadta** a roinnt idir na páistí. Ós rud é nach féidir 2 chéad a roinnt *go cothrom* idir triúr páistí, déanfaidh mé an 2 chéad a mhalartú ar 20 dheich.


20 deich



5 dheich



7 n-aonad



• Tá 25 cinn de dheicheanna agam anois, le dáileadh amach.  $3 \overline{)257}$


• Roinnim 25 deich go cothrom idir na triúr páistí. Tugtar 8 ndeich do gach páiste. Úsáidtear 24 cinn de na deicheanna chun é sin a dhéanamh. Bíonn deich amháin fágtha.  $3 \overline{)257}$

8

8 ndeich



8 ndeich





8 ndeich



1 dheich




7 n-aonad



# Eolas do thuismitheoirí

• Is féidir liom an deich amháin atá fágtha a mhalartú ar 10 n-aonad. Tá 17 n-aonad le dáileadh amach agam anois.  $3 \overline{) 2^2 5^1 7}$

8




8 ndeich      8 ndeich      8 ndeich      10 n-aonad      7 n-aonad

• Má roinnim 17 n-aonad go cothrom idir triúr páistí, tugtar 5 aonad do gach páiste. Úsáidtear 15 cinn de na haonaid leis sin, agus bíonn 2 aonad fágtha mar fhuílleach.

• Seans go scríobhfaidh do pháiste é sin mar:  $3 \overline{) 2^2 5^1 7}$

8 5



8 ndeich      8 ndeich      8 ndeich      2 aonad

5 dheich      5 dheich      5 dheich

• Mar sin, má roinnim 257 cinn de mhilseáin go cothrom idir triúr páistí, gheobhaidh gach páiste 85 mhilseán agus beidh 2 mhilseán fágtha. Tugtar fuílleach 2 air sin.

$$3 \overline{) 2^2 5^1 7}$$

8 5 F. 2